# F



12 - Leabhar a dhéanamh
13 - Chuile rud a thabhairt le chéile
14 - Rudaí a cheangailt le chéile

# Clár


| | |
|---|---|
| Bhur gcuid leabhra féin a dhéanamh sa mbaile | 2-2a |
| Na leabhra á gcur le chéile | 3 |
| Leabhar le téama ar leith nó i gcruth ar leith | 4 |
| Leabhar Gearrthóg | 5 |
| Leabhar 'Ardaigh an Giota' | 6 |
| Leabhar Fiarláin | 7 |
| Leabhar s'agaibh féin | 8 |
| Áit mhaith le foghlaim a dhéanamh | 9 |
| Ag spraoi agus ag foghlaim | 10 |
| Céard iad na hacmhainní atá ar fáil? | 11 |
| Do mheas ar an gCúrsa | 12-13 |




# Bhur gcuid leabhra féin a dhéanamh sa mbaile

B'fhéidir go mbeadh fonn ar ghasúir a gcuid smaointe agus a gcuid scéalta féin a bhreacadh síos nuair a bheas cleachtadh faighte acu ar leabhra agus ar scéalta dhaoine eile. Tar éis na scéalaíochta 'sé an chéad rud eile is nádúrthaí le déanamh leabhar a chur le chéile sa mbaile. Bealach taitneamhach é le deis a thabhairt do ghasúir fáil amach faoi leabhra agus faoin léitheoireacht.

Tá duine in ann leabhar a chur le chéile do ghasúr ar bith is cuma cén aois é.

Féadfaidh tú leabhar a chur le chéile faoi rudaí a gcuirfidh do ghasúrsa suim iontu, mar shampla:

- scéal faoi thuras a rinne an chlann,
- 'Mo Leabharsa' agus grianghrafanna agus pictiúir inti den ghasúr,
- leabhar faoi ainmhí atá sa teach,
- leabhar rannta,
- scéalta faoi dhaoine eile sa gclann,
- leabhra faoi Laethanta Saoire - An Nollaig, An Cháisc, Samhain,
- leabhar faoi Lá Breithe,
- leabhar faoi bheith ag dul chuig an naíonra nó chuig an scoil,
- leabhar faoi dul chuig an dochtúir nó chuig an bhfiaclóir.

Nuair a bhíonn an gasúr in éindí leat ag cur an leabhair le chéile foghlaimíonn sé go leor faoin gcaoi ina n-'oibríonn' leabhra. Foghlaimeoidh sé:

- go mbíonn clúdach ar leabhar agus go mbíonn an teideal ar an gclúdach sin;
- go n-insíonn an clúdach duit faoin scéal atá sa leabhar;
- go bhfuil an leabhar ag cur tuairimí agus smaointe dhaoine in iúl do dhaoine eile;
- go mbíonn tús, lár agus deireadh le leabhar;
- go léitear an leabhar ó chlé go deas.

# Bhur gcuid leabhra féin a dhéanamh sa mbaile

Tugann leabhair bhaile deis don ghasúr fáil amach faoi scríbhneoireacht agus faoi fhigiúirí. Féadfaidh tú spreagadh a thabhairt don ghasúr:

- cúnamh a thabhairt duit na focla a scríobh;
- pictiúir a tharraingt le cur leis na focla;
- cúnamh a thabhairt duit pictiúir a ghearradh amach le greamú ar na bileoga;
- cúnamh a thabhairt duit pictiúir agus rudaí eile a ghreamú ar na bileoga;
- leagan amach a ghearradh amach don leabhar;
- a chinntiú go bhfuil figiúirí curtha le teachtaireachtaí sa téacs.

**'Sé an misneach a mhúsclófar sa ngasúr nuair a bheas a chuid smaointe agus a chleachtadh féin le feiceáil aige istigh i leabhar an rud is mó, seachas aon rud eile, a ghabhfas i bhfeidhm ar an ngasúr go háirid má mholann daoine eile sa teaghlach go hard é agus má thugann siad spreagadh dó!**

# Na leabhra á gcur le chéile

Is breá an deis í leabhra a bheith á ndéanamh sa mbaile le suim an ghasúir sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht a mhúscailt. Ní bheidh scil ná tallann ar leith uait ná ní chaithfidh an tsamhlaíocht a bheith thar barr agat. Cuimhnigh ar na rudaí a bhfuil suim ag do ghasúr iontu. Féadfaidh tú féin leabhar a chur le chéile don ghasúr nó féadfaidh tú féin agus an gasúr leabhar a chur le chéile in éindí. Is cuma cé acu a dhéanfas sibh beidh ríméad ar an ngasúr a fheiceáil go bhfuil a fhocla féin agus na rudaí beaga laethúla a tharla dó chomh tábhachtach sin is gur fiú leabhar a dhéanamh díobh!


Is iomaí tuairim atá ann faoi leabhar a chur le chéile. Seo moltaí faoi:

- leabhra a bhfuil téamaí ar leith iontu
- leabhra faoi chruthanna
- leabhra gearrthóga
- leabhra 'Ardaigh an Giota'
- leabhra Fiarláin

Tosaíonn tú le gnáthchruth leabhair agus a bhformhór sin thuas á gcur le chéile agat.

**Bunchruth Leabhair**

- Leag roinnt mhaith bileoga anuas ar a chéile.
- Fill ina dhá leith.
- Greamaigh an taobh atá fillte le stápla nó toll é agus greamaigh le ribín nó le snáithe olna chun an leabhar a choinneáil le chéile.



# Leabhar le téama ar leith nó i gcruth ar leith


Leag amach bunchruth an leabhair ar dtús.

Ansin oibrigh amach céard a bheas sa leabhar.

An bhfuil suim ag do ghasúr i gcarranna? Cuir leabhar le chéile faoi charranna agus gearr amach i gcosúlacht cairr é.

An raibh tú thíos ag an bhfarraige le deireanas? Déan cur síos air sin sa leabhar agus ansin gearr amach an leabhar i gcosúlacht éisc.

Nó d'fhéadfá leabhar a dtabharfá 'Teach s'againne' air a chur le chéile. D'fhéadfá an leabhar a ghearradh le go mbeadh cruth tí air. D'fhéadfadh an gasúr lámh a thabhairt duit le fuinneoga agus doras a dhéanamh as éadach daite agus é gearrtha i gcearnóga. D'fhéadfá pictiúir a ghearradh amach as irisí le troscán, bia, bréagáin &rl. a bheith agaibh le cur taobh istigh sa teach.



# Leabhar Gearrthóg

Leag amach **bunchruth an leabhair** ar dtús.

Smaoinigh ar ábhar amháin, mar shampla 'na rudaí is fearr liom', 'mo chlann', 'an áit ina bhfuil mé i mo chónaí', 'ainmhithe', nó 'bréagáin'. Is iomaí ábhar ann.


Gearr amach pictiúir as irisí nó as catalóga nó faigh grianghrafanna. Greamaigh isteach sa leabhar gearrthóg iad chun pictiúir a chruthú.

Má tá do ghasúr in éindí leat ag cur an leabhair le chéile lig dó na pictiúir a ghreamú isteach sa leabhar le gliú. Labhair faoi na pictiúir fad is atá seisean á ngreamú.

Nuair atá an gasúr críochnaithe fiafraigh de céard ba mhaith leis a scríobh faoi chaon phictiúr. Léigh amach a chuid focla nó a chuid abairtí dó.

Maisigh an clúdach le páipéar balla nó le páipéar daite lonrach nó lig don ghasúr pictiúr a tharraingt air. Déan cinnte nach bhféadfaí gan an leabhar a thabhairt faoi deara.

Toll dhá pholl ar thaobh amháin agus tarraing ribín nó snáithe olna trí na poill le go mbeidh an ceangal maisithe go deas.



# Leabhar 'Ardaigh an Giota'

Féadfaidh tú cruth leabhair de chineál ar bith a bheith agat agus an leabhar a mbeadh giota de le hardú suas á chur le chéile agat.

Féadfaidh tú ábhar ar bith is maith leat féin a bheith agat ann.

Le leabhar 'Ardaigh an giota' a chur le chéile sé go 'gclúdaítear' cuid den phictiúr nó cuid den téacs faoi ghiota de pháipéar nó de phíosa éadaigh (a bhíonn gearrtha i bhfoirm cearnóige), giota a bhíonn le hardú suas.

D'fhéadfá cur síos ar an gcaoi ar chaith an gasúr an lá a bheith sa leabhar agus pictiúr de na bréagáin is deise leis a chur i bhfolach faoi na giotaí, ceann ar chaon bhileog.

D'fhéadfá focla áirid a chur i bhfolach faoi ghiota beag. Tarraing pictiúr ar an ngiota den rud atá ag dul leis an bhfocal atá i bhfolach nó greamaigh pictiúr de ar an ngiota le gliú. Beidh an gasúr in ann a inseacht cén focal é ón bpictiúr agus ansin féadfaidh sé an 'giota a ardú' agus an focal a léamh.




# Leabhar Fiarláin

Faigh píosa fada páipéir.

Fill an píosa i dtreo amháin ar dtús agus aníos chugat sa treo eile ansin i gcosúlacht bosca ceoil. Lean ar aghaidh mar sin go mbeidh an píosa fillte agat.

Níl le déanamh agat ach litir amháin a chur ar chaon cheann de phainéil an phíosa chun focal nó ainm an ghasúir a dhéanamh astu. Beidh an leabhar fiarláin déanta agat.

Féadfaidh tú leabhar scéalta a dhéanamh den leabhar fiarláin. Níl le déanamh ach cúpla abairt a scríobh ar chaon phainéal.



# Leabhar s'agaibh féin

Cén uair ar léigh sibh an leabhar agus cá raibh sibh á léamh?

Céard a bhí go deas faoin leabhar dar le do ghasúr?


Céard a bhí le rá ag daoine eile sa gclann faoin leabhar?

Cén cineál eile leabhra a thaithníonn leis an ngasúr?

# Áit mhaith le foghlaim a dhéanamh

Dá mhéid atá gasúr ar a chompóirt in áit agus socair ann féin sea is mó fonn atá air triáil a bhaint as rudaí nua. Bíonn gasúr ar a shuaimhneas agus réidh le dul ag foghlaim:

**Nuair a bhíonn a fhios aige cá bhfuil sé.**




**Nuair a aithníonn sé na daoine thart timpeall air.**



**Nuair a bhíonn a fhios aige céard a bhíonn ag tarlú.**



**Nuair a bhíonn a fhios aige cé leis lena bhfuiltear ag súil.**



# Ag spraoi agus ag foghlaim

An maith le do ghasúr cluichí a imirt agus cur i gcéill iontu?

Cén cur i gcéill a bhíonn aige sna cluichí seo?

An maith le do ghasúr cluiche amháin a imirt go minic thar chinn eile?

An mbíonn tacaí aige, bréagáin mar shampla? An mbíonn sé gléasta suas agus cultacha air?

An mbíonn gasúir eile sa gcluiche?

An mbíonn léitheoireacht, scríbhneoireacht nó gníomhaíochtaí mata sna cluichí seo? An bhféadfá cúpla sampla a scríobh síos?

# Céard iad na hacmhainní atá ar fáil?

Céard iad na hacmhainní atá ar fáil i do cheantar?

Cá bhfaighfeá:

**Seirbhísí a thugann tacaíocht don teaghalach mar**

- áiseanna naíonlainne?
- fusaíocht ar ghasúir?
- grúpaí tuismitheoirí le gasúir bheaga?
- Naíonra?
- cúrsaí tuismitheoireachta?
- clubanna óige?

**Seirbhísí Boird Sláinte**

- an t-ospidéal is gaire duit?
- seirbhísí meabhairghalair?
- cúrsaí oideachais sláinte, m.sh. bainistiú struis nó cúrsa garchabhrach?

**Comhairle Airgeadais**

- oifigí leasa shóisialaigh?
- comhairle faoi Airgead agus Seirbhís le Buiséad a leagan amach?
- an Comhar Creidmheasa is gaire duit?

**Comhairle Dlí**

- cúnamh dlí saor in aisce?
- seirbhísí Idirghabhála don Teaghlach?

**Seirbhísí agus Tacaíocht i gCúrsaí Oideachais**

- Treoirchomhairleoir ?
- ranganna san Aosoideachas?
- siceolaí oideachais?
- na bunscoileanna is gaire duit?
- na meánscoileanna is gaire duit?

**Seirbhísí Fostaíochta**

- clubanna oibre?
- an tIonad Acmhainní do Dhaoine Dífhostaithe?
- oifigí FÁS
- Seirbhísí áitiúla Fostaíochta ?
- oifigí Ceardchumainn?

# Do mheas ar an gCúrsa

1. Céard é do mheas ar an gcúrsa iomlán?

Bhain mé an-tairbhe as ________________

Bhain mé beagán tairbhe as ________________

Níor bhain mé aon tairbhe as ________________

2. Ar bhain tú amach na spriocanna foghlama a bhí agat agus tú ag tabhairt faoin gcúrsa seo?

Bhain ________________

Níor bhain ________________

3. Ar phioc tú suas aon phointe a thabharfadh cúnamh duit agus tú ag obair le do ghasúr ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus mata?

Phioc ________________

Níor phioc ________________

4. Ar chuidigh an cúrsa le gasúir eile sa gclann leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht nó leis na mata?

Chuidigh ________________

Níor chuidigh ________________

5. Céard é do mheas ar an gcaoi ar eagraíodh an cúrsa?

Thar barr ________________

An-mhaith ________________

Réasúnta ________________

Go dona ________________

6. Ar fheil láthair an chúrsa duit?

D'fheil ________________

Níor fheil ________________

# Do mheas ar an gCúrsa

7. An raibh clár ama an chúrsa sásúil?

Bhí ______________________

Ní raibh ______________________

8. Ar chuir na héascaitheoirí ar do chompóirt tú le linn an chúrsa?

Chuir ______________________

Níor chuir ______________________

9. An raibh na héascaitheoirí cuiditheach?

Bhí ______________________

Ní raibh ______________________

10. 10. An raibh rudaí ann a d'fhoghlaim tú ó dhaoine eile a bhí sa ngrúpa?

Bhí ______________________

Ní raibh ______________________

11. An molfá do thuismitheoirí eile an cúrsa seo a dhéanamh?

Mholfainn ______________________

Ní mholfainn ______________________

12. Aon rud eile?



## Canúint Chonnacht

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE